

**An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2025
(OR. en)**

**12487/25
ADD 12**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0184(NLE)**

**POLCOM 219
SERVICES 52
FDI 47
COLAC 142**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Meán Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 339 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN 7 IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 339 final.

Faoi iamh: COM(2025) 339 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 339 final

ANNEX 7

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe
Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an
Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle,
Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile**

GEALLTANAIS SHONRACHA STÁIT SÍNITHE MERCOSUR
I gCOMHRÉIR LE hAIRTEAGAIL 10.3 AGUS 10.4

Coinníollacha ginearálta

1. Léiríonn na gealltanais shonracha a liostaítear thíos na hearnálacha seirbhísí agus neamhsheirbhísí a léirscaoileadh de bhun Airteagail 10.3(1), 10.4(1), 10.5, 10.8, 10.9, 10.10(1) agus 10.10(2) agus sonraítear leo trí bhíthin forchoimeádas an rochtain ar an margadh agus na teorainneacha córa náisiúnta a bhfuil feidhm acu.
2. Ní dhéanfar na gealltanais shonracha a liostaítear thíos a léirthuisctint mar theorainneacha ar rialáil intíre nó mar theorainneacha ar rialacháin nua a thabhairt isteach d'fhonn cuspóirí beartais náisiúnta a bhaint amach, i gcomhréir leis an gceathrú mír den bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí agus le príomhchuspóirí an Chomhaontaithe seo.
3. Déantar mionsaothrú ar liosta na ngealltanais sonrach le haghaidh earnálacha agus fo-earnálacha seirbhísí ar leith ar bhonn cur chuige liosta dhearfaigh agus aithnítear é i gcomhréir leis an liosta aicmiúcháin i nDoiciméad EDT MTN.GNS/W/120 agus na huimhreacha comhfhreagracha san Aicmiú Lárnach Táirgí, mar a shainmhínítear in Airteagal 1.3(c).

4. Déantar mionsaothrú ar liosta na ngealltanais sonracha le haghaidh earálacha neamhsheirbhíis ar bhonn cur chuige liosta dhearfai agus aithnítear é i gcomhréir leis an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 4, ISIC Leag. 3, 1989, dá ngairtear ‘ISIC – Leag. 3’ anseo feasta, le haghaidh na hAirgintíne, Pharagua agus Uragua. I gcás na Brasaíle, aithnítear liosta na ngealltanais sonracha le haghaidh earálacha neamhsheirbhíis i gcomhréir leis an Aicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, ALT, 2008, dá ngairtear ‘ALT – Leag. 2’ anseo feasta, agus ní chumhdaítear leis ach earálacha neamhsheirbhíis nó gníomhaíochtaí neamhsheirbhíis (ceannteidil 0, 1, 2, 3 agus 4).
5. I gcás nach ndéanann Stát Sínthe MERCOSUR amháin nó níos mó tagairt d’earnáil shonrach nó d’fho-earnáil shonrach, ní dhéanann an Stát Sínthe MERCOSUR sin ná na Stáit Sínthe MERCOSUR sin aon ghealltanais le haghaidh na hearnála sonraí nó na fo-earnála sonraí sin.
6. Na bearta atá ar neamhréir le hAirteagail 10.3 agus 10.4 araon, liostaítear iad sa cholún a bhaineann le hAirteagal 10.3. Measfar go soláthróidh an liostáil sin coinníoll nó cáilíocht d’Airteagal 10.4.

Coinníollacha sonracha

an Airgintín

7. Forchoimeádann an Airgintín an ceart chun rialacháin maidir le rátaí malairte a úsáid atá i gcomhréir le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, arna dhéanamh ag Bretton Woods, New Hampshire an 22 Iúil 1944.

an Bhrasaíl

8. I gcásanna amhrais nó i gcás ina mbeidh éagsúlacht idir liosta na ngealltanas sonrach a rinne an Bhrasaíl le haghaidh earnálacha neamhsheirbhísí agus le haghaidh earnálacha seirbhísí, beidh forlámhas ag liosta na ngealltanas le haghaidh earnálacha seirbhísí.
9. Chun liosta na ngealltanas sonrach arna dhéanamh ag an mBrasaíl a léirmhíniú, beidh soláthar trasteorann seirbhísí trí mhodhanna leictreonacha, lena n-áirítear an t-idirlíon, teoranta do Mhodh 1.

Paragua agus Uragua

10. Tá liosta na ngealltanas sonrach a rinne Paragua agus Uragua gan dochar do na comhaontuithe déthaobhacha atá ann faoi láthair arna dtabhairt i gcrích ag Paragua agus Uragua a bhaineann le cánacha agus bearta cánachais nó d'acmhainneacht Stáit Sínithe MERCOSUR chun cuspóirí a mbeartas fíoscach a shaothrú.

Liosta na ngealltanais sonrach

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreach trachtála 4) Láithreach daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
GEALLTANAIS CHOTHROMÁNACHA			
AN AIRGINTÍN GACH EARNÁIL SEIRBHÍSÍ AGUS NEAMHSHEIRBHÍSÍ A ÁIRÍTEAR SA LIOSTA SEO	D'fhéadfadh soláthar seirbhísí áirithe a bheith ag brath ar lamháltais phoiblí agus na coinníollacha a bhunaítear iontu. Éadáil talún: neamhcheangailte i limistéir teorann (150 (céad is caoga) ciliméadar i limistéir teorann talún agus 50 (caoga) ciliméadar i limistéir chósta). Tá éadáil talún tuaithe ag eachtrannaigh teoranta de réir dlí.	Éadáil i limistéir teorann ('limistéir shlándála') teoranta do dhaoine dúchasacha na hAirgintíne. Ní féidir le daoine nádúrtha eachtracha agus fiontair eachtracha atá i mbun tionscadail infheistíochta ar Airgintínigh formhór dá bpearsanra foirgnimh a fháil ná údaruithe agus lamháltais a shaothrú i limistéir shlándála ach amháin réamhúdarú a bheith faighte.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreachacht tráchtála 4) Láithreachacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
		Ní mór go mbeadh buanchónaí ar thromlach glan de stiúirthóirí an duine dhlítheanaigh san Airgintín. I gcás fiontair faoi úinéireacht stáit atá faoi réir príobháidiú, forchoimeádann an Airgintín an ceart chun socrúithe speisialta scaireanna a bhunú (amhail ‘scaireanna órga’ a choinneáil) nó chun tosaíocht a thabhairt i gceannach scaireanna d’fhostaithe na bhfiontar faoi úinéireacht stáit sin atá faoi réir príobháidiú.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
		Forchoimeádann an Airgintín an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó réigiúin bheagfhorbartha agus réigiúin teorann a fhorbairt nó éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, mar aon le haon bheart is gá chun ionchuimsiú sóisialta agus forbairt thionsclaíoch a áirithiú.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	4) Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le bearta a dhéanann difear do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha sna catagóirí seo a leanas: príomhphearsanra, díoltóirí gnó agus soláthróirí seirbhíse conarthacha, i gcomhréir le Roinn B de Chaibidil 10 agus na coinníollacha a shonraítear i liosta na ngealltanais sonracha le haghaidh na gcatagóirí sin. Chun seirbhís chonarthach a sholáthar, comhlíonfaidh an soláthróir seirbhíse conarthach na ceanglais agus na coinníollacha cáilíochta a shonraítear i liosta na ngealltanais earnáilsonrach.	4) Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le bearta a dhéanann difear do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha sna catagóirí seo a leanas: príomhphearsanra, díoltóirí gnó agus soláthróirí seirbhíse conarthacha, i gcomhréir le Roinn B de Chaibidil 10 agus na coinníollacha a shonraítear i liosta na ngealltanais sonracha le haghaidh na gcatagóirí sin. Chun seirbhís chonarthach a sholáthar, comhlíonfaidh an soláthróir seirbhíse conarthach na ceanglais agus na coinníollacha cáilíochta a shonraítear i liosta na ngealltanais earnáilsonrach.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
AN BHRASAÍL GACH EARNÁIL SEIRBHÍŚÍ AGUS NEAMHSHEIRBHÍŚÍ A ÁIRÍTEAR SA LIOSTA SEO		1), 2), 3), 4) (i) Forchoimeádann an Bhrasaíl an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt nó éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, mar aon le haon bheart is gá chun ionchuimsiú sóisialta agus forbairt tuaithe a áirithiú.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
		(ii) Forchoimeádann an Bhrasaíl an ceart chun dreasachtaí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, ar dreasachtaí iad a thacaíonn lena seirbhísí agus lena soláthróirí seirbhíse, d'fhonn forbairt theicneolaíoch, aistriú teicneolaíochta, taighde eolaíoch agus forbairt caighdeán agus norm a chothú sa Bhrasaíl. Áirítear leis an bhforchoimeádas sin, mar shampla, bearta cánachais agus fabhair do sheirbhísí ón mBrasaíl agus do sholáthróirí seirbhíse ón mBrasaíl.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	3) (i) Beidh soláthróirí seirbhíse eachtracha agus infheisteoirí eachtracha ar mian leo seirbhísí a sholáthar agus gníomhaíochtaí infheistíochta a dhéanamh mar dhuine dlítheanach sa Bhrasaíl i gcomhréir le ceann de na cineálacha eintitis dhlítheanaigh i gcomhréir le dlí na Brasaíle.	3) Ní mór caipiteal eachtrach sa Bhrasaíl a chlárú, trí nós imeachta dearbhaitheach agus leictreonach, le Banc Ceannais na Brasaíle.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	(ii) I stráicí teorann (limistéir laistigh de 150 ciliméadar (céad is caoga) ó theorainneacha náisiúnta) agus i roinnt limistéar (Abhantrach na hAmasóine, Mata Atlântica, Serra do Mar agus Pantanal Mato Grosso), tá gá le húdarú i gcás roinnt gníomhaíochtaí, lena n-áirítear an méid seo a leanas: (a) rannpháirtíocht eachtrannach, bíodh siad ina ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, in aon cháil i nduine dlítheanach a bhfuil cearta chun réadmhaoine aige ar mhaoin tuaithe;		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	(b) meáin a shuiteáil agus a oibriú arb é is aidhm dóibh seirbhísí craoltóireachta fuaimne nó craoltóireachta fuaimne agus íomhánna a shaothrú; (c) gléasraí tionsclaíocha a bhunú agus a shaothrú ar díol spéise ar leith iad le haghaidh na slándála náisiúnta; (d) cuideachtaí a bhunú agus a oibriú a bhfuil baint acu le sirtheoireacht, eastóscadh agus saothrú acmhainní mianracha agus le soláthar fuinnimh hiodrálaigh;		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	agus (e) cuideachtaí a bhunú a bhfuil baint acu le lonnaíocht tuaithe. I gcás na bpointí (c), (d) agus (e), ní mór do na cuideachtaí sin na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh, i measc eile: Ní mór go mbeadh 51 % de chaipiteal na cuideachta i seilbh Brasaíleach;		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	Ní mór go mbeadh formhór na bpost bainistíochta ag Brasaíligh. I gcás gur duine aonair amháin a dhéanann na gníomhaíochtaí sin, ní fhéadfar údarú speisialta a dheonú ach do Bhrasaíligh chun gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh. I gcás phointe (b), i measc ceanglais eile, ní mór caipiteal na cuideachta a bheith faoi úinéireacht iomlán náisiúnach den Bhrasaíl.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	(iii) Tá éadáil nó léasú maoine tuaithe nó éadáil aon chirt eile chun réadmhaoine ar mhaoín tuaithe ag daoine nádúrtha eachtracha, daoine dlítheanacha eachtracha nó daoine dlítheanacha ón mBrasaíl a bhfuil rannpháirtíocht eachtrach acu faoi réir coinníollacha, teorainneacha agus údarú sonrach a bhunaítear faoi dhlí na Brasaíle. Mura bhforáiltear a mhalairt faoi dhlí na Brasaíle, tá toirmeasc ar dheonú réadmhaoine de chuid an Aontais nó na Stát d'eachtrannaigh, bíodh siad ina ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	3), 4) I bhfiontair a bhfuil 3 (triúr) fostaithe nó níos mó acu, ní mór dhá thrían den lucht saothair a bheith comhdhéanta de náisiúnaigh den Bhrasaíl arb ionann iad agus dhá thrían den phárolla. Beidh comhaltaí den Chomhairle Fhioscach agus de bhoird stiúrthóirí na gcuideachtaí atá i seilbh phoiblí ina gcónaí sa Bhrasaíl mar aon lena mbainisteoirí. I gcás ‘aistrithe ionchorparáideacha’, braitheann ceapadh feidhmeannach agus bainisteoirí ar chruthúnas infheistíochta ón soláthróir seirbhíse eachtrach. I gcás ‘soláthróirí seirbhíse conarthacha’, braitheann ceadanna oibre ar chlár oiliúna a chur i láthair d’fhostaithe na Brasaíle. Neamhcheangailte i ndáil le ‘gairmithe neamhspleácha’.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	4) Neamhcheangailte, ach amháin le haghaidh bearta a bhaineann leis na catagóirí seo a leanas: A) Príomhphearsanra: 1. Aistrithe Ionchorparáideacha (dá ngairtear ‘ICT’ anseo feasta) Ní mór nasc comhlach a bheith ann idir an soláthróir seirbhíse i gcríoch na Brasaíle agus a cheanncheathrú ar an gcoigríoch. Ní mór an post atá le líonadh ag an ICT a bheith folamh. Áiritheoidh daoine dlítheanacha go mbeidh ar a laghad 2 (beirt) Bhrasaíleach ann in aghaidh gach 3 (triúr) fostaithe.	4) Déanfaidh an t-údarás inniúil ábhartha conarthaí oibre sealadacha a fhormheas.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	Tagraíonn na fostaithe don mhéid seo a leanas: (i) Bainisteoirí Ní mór baint a bheith ag ceapadh bainisteora leis na nithe seo a leanas: (a) infheistíocht ar fiú US\$ 50 000 í, ar a laghad, ar choinníoll go gcruthaíonn an chuideachta 10 (deich) bpost nua le linn an chéad 2 (dhá) bhliain tar éis a bunaithe nó tar éis iontráil an bhainisteora nó an riarthóra; nó (b) ní mór íosmhéid US\$ 200 000 a bheith infheistithe ag an gcuideachta sa Bhrasaíl.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	(ii) Speisialtóirí Tabharfaidh an chuideachta a fhostaíonn an speisialtóir údar leis an ngá le Conradh a dhéanamh le gairmithe agus teicneoirí den sórt sin i ndáil le gairmithe agus teicneoirí comhchosúla atá ar fáil sa Bhrasaíl. 2. Cuairteoirí Gnó Faoi na téarmaí agus na tréimhsí fanachta a bhunaítear i Roinn B de Chaibidil 10. B) Díoltóirí Gnó Faoi na téarmaí agus na tréimhsí fanachta a bhunaítear i Roinn B de Chaibidil 10. C) Soláthróirí Seirbhísí Conarthacha Ní mór don tomhaltóir seirbhíse a bheith ina dhuine dlítheanach atá bunaithe sa Bhrasaíl.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	Ní mór conradh a bheith ann maidir le cúnamh teicniúil nó aistriú teicneolaíochta idir fiontar an Aontais agus an tomhaltóir seirbhíse sa Bhrasaíl. Maidir le gach gairmí eachtrach a chumhdaítear leis an gconradh, ní mór an méid seo a leanas a bheith ann: a) an t-údar leis an ngá le seirbhísí an ghairmí sin i bhfianaise gairmithe atá ar fáil sa Bhrasaíl; agus b) cruthúnas ar thaithí de 3 (trí) bliana ar a laghad roimhe sin. I gcás nach bhfuil aon ghairmí Brasaíleach ag fiontar an Aontais, ní mór dó clár oiliúna do ghairmithe Brasaíleacha a chur i láthair.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
PARAGUA NA SEIRBHÍSÍ UILE A ÁIRÍTEAR SA LIOSTA SEO	Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó forbairt theicneolaíoch, taighde eolaíoch agus forbairt caighdeán agus norm a chothú i bParagua, bídís idirdhealaitheach nó ná bídís. Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt nó éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, mar aon leis na bearta sin is gá chun ionchuimsiú sóisialta agus forbairt tuaithe a áirithiú.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	3) Éadail talún, nó ceanglais chónaithe, is infheidhme maidir le hinfheisteoirí eachtracha, neamhcheangailte i limistéir teorann atá 100 (céad) ciliméadar ó theorainneacha talún)	3) Bunaítear le hAcht Sibhialta Pharagua (dlí 1183/1985) go rialaítear na fiontair arna mbunú ar an gcoigríoch le dlíthe thír a sainchónaithe, a mhéid a bhaineann lena bheith ann agus lena n-acmhainneacht. Cuireann an cineál gnólachta a chuireann siad ar bun ar a gcumas dóibh na gníomhaíochtaí agus na cearta a fhreagraíonn dóibh a fheidhmiú go hiomlán i bPoblacht Pharagua. Thairis sin, ar mhaithe le gnáthfheidhmiú gníomhaíochtaí a áirítear i gcuspóir speisialta a n-institiúide, beidh siad i gcomhréir leis na saintreoracha arna mbunú sa Phoblacht.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
		Meastar gurb í an áit a bhfuil an príomhghnó suite áit sainchónaithe na bhfiontar eachtrach. Mar sin féin, le haghaidh na ngníomhaíochtaí a dhéantar i gcríoch Pharagua, meastar go bhfuil sainchónaí ar bhunaíochtaí, gníomhaireachtaí nó oifigí brainse arna mbunú i bPoblacht Pharagua. Dá bhrí sin, ní mór dóibh na foirmiúlachtaí agus na hoibleagáidí a chomhlíonadh a leagtar amach le haghaidh an chineáil fiontair de chuid Pharagua is comhchosúla leis an gcineál fiontair eachtraigh lena mbaineann.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
		Chun na foirmiúlachtaí a luadh roimhe seo a chomhlíonadh, bunaítear le hAcht Sibhialta Pharagua nach mór do gach fiontar a bhunaítear ar an gcoigríoch ar mian leis a ghníomhaíocht a fheidhmiú i bParagua an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) ionadaíocht a bhunú le seoladh sonracha sa tír agus seoltaí ar leith na n-ionadaithe le haghaidh cúiseanna dlíthiúla eile; (b) a dheimhniú gur bunaíodh an gnólacht i gcomhréir le dlíthe a thíre; agus	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
		(c) údar a thabhairt, ar an mbealach céanna, leis an gcomhaontú nó leis an gcinneadh brainse nó ionadaíocht a chruthú, leis an gcaipiteal atá le sannadh, más infheidhme, agus le hainmniú na n-ionadaithe.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
	4) Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le bearta a dhéanann difear do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha sna catagóirí seo a leanas: príomhphearsanra (aistrithe ionchorparáideacha, cuairteoirí gnó, bainisteoirí agus speisialtóirí) agus iarchéimithe faoi oiliúint atá faoi réir Roinn B de Chaibidil 10 agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i liosta na ngealltanais sonrach. Chun seirbhís chonarthach a sholáthar, comhlíonfaidh an soláthróir seirbhíse na ceanglais cháilíochta agus na coinníollacha cáilíochta a shonraítear i liosta na ngealltanais sonrach le haghaidh na gcatagóirí sin. Beidh na coinníollacha le haghaidh na gcatagóirí sin faoi réir na cómhalartachta arna deonú ag an Aontas.	4) Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le bearta a dhéanann difear do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha sna catagóirí seo a leanas: príomhphearsanra (aistrithe ionchorparáideacha, cuairteoirí gnó, bainisteoirí agus speisialtóirí) agus iarchéimithe faoi oiliúint atá faoi réir Roinn B de Chaibidil 10 agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i liosta na ngealltanais sonrach. Chun seirbhís chonarthach a sholáthar, comhlíonfaidh an soláthróir seirbhíse na ceanglais agus na coinníollacha cáilíochta a shonraítear i liosta na ngealltanais sonrach le haghaidh na gcatagóirí sin. Beidh na coinníollacha le haghaidh na gcatagóirí sin faoi réir na cómhalartachta arna deonú ag an Aontas.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
URAGUA NA SEIRBHÍSÍ UILE A ÁIRÍTEAR SA LIOSTA SEO	3) Forchoimeádann Uragua a cheart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena bhféachtar le Crios Sábháilteachta Teorann (Zona de Seguridad Fronteriza) a bhunú atá taobh le teorainneacha talún agus abhann na críche náisiúnta. 4) Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le bearta a dhéanann difear do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha sna catagóirí atá faoi réir Roinn B de Chaibidil 10 agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i liosta na ngealltanais sonracha.	4) Neamhcheangailte, ach amháin i ndáil le bearta a dhéanann difear do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha sna catagóirí atá faoi réir Roinn B de Chaibidil 10 agus faoi réir na gcoinníollacha a shonraítear i liosta na nGealltanais sonracha.	

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
AN AIRGINTÍN		
II. LIOSTA NA nGEALLTANAS EARNÁILSONRACH		
A. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT AGUS FORAOISEACHT		
01. Talmhaíocht, sealgaireacht	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
02. Foraoiseacht, lománaíocht ¹	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
B. IASCAIREACHT		
05. Iascaireacht, oibriú gorlann éisc agus feirmeacha éisc	Deonófar saothrú acmhainní muirí beo do dhaoine nádúrtha a bhfuil cónaí orthu san Airgintín nó do dhaoine dlítheanacha arna mbunú i gcomhréir le dlí na hAirgintíne agus dóibh sin amháin.	Ní mór soithí atá in úsáid i dtionscal na hiascaireachta a bheith cláraithe i gclárlann inniúil na hAirgintíne agus ní mór bratach na hAirgintíne a bheith ar foluain acu.

¹ Áirítear na gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara i liosta na ngealltanais sonracha le haghaidh seirbhísí, lena n-áirítear dáileadh agus iompar.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
	Beidh ar ghníomhaíochtaí soithí a bhfuil bratacha eachtracha ar foluain acu téarmaí Dhlí 24.922/97 a chomhlíonadh. Ní ligfear isteach iad ach i gcomhpháirt le fiontar amháin nó níos mó atá cláraithe go háitiúil, mar a chinntear le Dlí Corparáideach 19550.	Comhlíonfaidh baill de chriú na soithí iascaireachta uile na ceanglais seo a leanas: (a) ní mór náisiúntacht Airgintíneach a bheith ag na captaein agus na hoifigigh, is cuma ar de thoradh breithe, rogha nó eadóirseachta an náisiúntacht sin; agus (b) Ní mór Airgintínigh nó eachtrannaigh a bhfuil níos mó ná 10 (deich) bliana de bhuanchónaí creidiúnaithe go héifeachtach san Airgintín acu a bheith mar 75 % de na baill eile den chriú atá ar bord soithí iascaireachta. I gcás nach féidir an céatadán a bhunaítear i bpointe (b) a bhaint amach mar gheall ar easpa pearsanra, féadfaidh pearsanra eachtrach dul ar bord an tsoithigh go sealadach go dtí go n-athbhunófar an céatadán sin, faoi réir chomhlíonadh na gceanglas dlíthiúil uile. Nuair a bheidh baill chriú ón Airgintín ar fáil, ní mór an criú a líonadh leo.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
		I gcás sárú ar dhlíthe nó ar rialacháin, i dteannta an phionóis is infheidhme, féadfar soithí eachtracha a choinneáil ag calafort de chuid na hAirgintíne go dtí go gcomhlíonfar íocaíocht fineálacha nó go dtí go soláthrófar ráthaíochtaí sásúla.
C. MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT		
10. Mianadóireacht guail agus ligníte; baint móna	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
12. Mianadóireacht mianta úráiniam agus tóiriam	Neamhcheangailte.	Neamhcheangailte.
13. Mianadóireacht mianta miotail	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
14. Mianadóireacht agus cairéalacht eile	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
D. MONARAÍOCHT	Forchoimeádann an Airgintín an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le ceanglais feidhmíochta i rialacháin nó cláir le haghaidh táirgeoirí intíre d'earraí caipitiúla agus táirgeoirí intíre d'earraí teicneolaíocht faisnéise.	Forchoimeádann an Airgintín an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le dreasachtaí i rialacháin nó cláir le haghaidh táirgeoirí intíre d'earraí caipitiúla agus táirgeoirí intíre d'earraí teicneolaíochta faisnéise.
15. Monarú táirgí bia agus deochanna	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
16. Monarú táirgí tobac.	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
17. Monarú teicstílí	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
18. Monarú corpbhirt; treiscíniú agus ruaimniú fionnaidh	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
19. Súdairacht agus treiscíniú leathair; monarú bagáiste, málaí láimhe, úmacha agus coisbhirt	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
20. Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilseánaithe	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
21. Monarú páipéir agus ¹ táirgí páipéir	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
22. Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
24. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

¹ Áirítear na gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara i liosta na ngealltanais sonracha le haghaidh seirbhísí, lena n-áirítear dáileadh agus iompar.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
25. Monarú táirgí rubair agus plaisteacha	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
26. Monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
27. Monarú táirmhiotal	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
28. Monarú táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
29. Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile: 291. Monarú innealra ilchuspóirigh eile 293. Monarú fearas tí nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
30. Monarú innealra oifige, cuntasáíochta agus ríomhaireachta	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
31. Monarú innealra agus gléasra leictirigh nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
32. Monarú trealaimh agus gléasra raidió, teilifíse agus cumarsáide	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
33. Monarú ionstraimí leighis, beachtuirilísí agus uirlisí optúla, uaireadóirí agus clog	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
34. Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí	Forchoimeádann an Airgintín an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó a tionscal gluaisteán, gluaisrothar agus meaisíní talmhaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear bearta cánachais, ceanglais feidhmíochta, aistriú teicneolaíochta agus sásraí forbartha an luchta saothair.	Forchoimeádann an Airgintín an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó a tionscal gluaisteán, gluaisrothar agus meaisíní talmhaíochta a fhorbairt, lena n-áirítear bearta cánachais, ceanglais feidhmíochta, aistriú teicneolaíochta agus sásraí forbartha an luchta saothair.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
35. Monarú trealaimh eile iompair	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
36. Monarú troscáin; monaraíocht nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
37. Athchúrsáil	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
E. TÁIRGEADH LEICTREACHAIS, GAÍS, GAILE AGUS UISCE THE (gan seirbhísí gaolmhara a chur san áireamh)		
4010. Táirgeadh leictreachais 4020. Monarú gáis seachas gáis pheitрилiam agus a ndíorthaigh	Coinníollacha a bheidh le rialú ag conarthaí aonair lamháltais. Coinníollacha a bheidh le rialú ag conarthaí aonair lamháltais.	Coinníollacha a bheidh le rialú ag conarthaí aonair lamháltais. Coinníollacha a bheidh le rialú ag conarthaí aonair lamháltais.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
AN BHRASAÍL 0. TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA, FORAOISEACHTA AGUS IASCAIGH 01. Táirgí talmhaíochta, gairneoireachta agus garraíodóireachta margaidh 02. Ainmhithe beo agus táirgí ainmhí (gan feoil a chur san áireamh) 03. Táirgí foraoiseachta agus lománaíochta 04. Iasc agus táirgí eile iascaigh	Ceann ar bith. Ní féidir le soithí a bhfuil bratacha eachtracha ar foluain acu oibriú in iascaireacht tráchtála sa Bhrasaíl (lena n-áirítear ina Limistéar Eacnamaíoch Eisiach) ach amháin má tá siad cairtfhostaithe ag daoine dlítheanacha atá bunaithe sa Bhrasaíl agus má dheonaítear údarú rialtais dóibh. Is de thionscnamh na Brasaíle éisc, táirgí iascaireachta agus seachtháirgí iascaireachta ó shoithí Brasaíleacha nó ó shoithí eachtracha atá cairtfhostaithe ag daoine dlítheanacha atá bunaithe sa Bhrasaíl. Tá na srianta a liostaítear i liosta na ngealltanais sonracha ón mBrasaíl le haghaidh seirbhísí infheidhme freisin.	Ceann ar bith. Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
1. MIANTA AGUS MIANRAÍ; LEICTREACHAS, GÁS AGUS UISCE (seachas fo-earnáil 13) 2. TÁIRGÍ BIA, DEOCHANNA AGUS TOBAC; TEICSTÍLÍ, ÉADAÍ AGUS TÁIRGÍ LEATHAIR 3. EARRAÍ INIOMPARTHA EILE, SEACHAS TÁIRGÍ MIOTAIL, INNEALRA AGUS TREALAMH (ach amháin fo-earnáil 33) 4. TÁIRGÍ, INNEALRA AGUS TREALAMH MIOTAIL	Ceann ar bith, seachas go bhfuil sirtheoireacht agus saothrú fosuithe ola, gáis nádúrtha, agus hidreacarbón leachtach eile; scagadh ola na Brasaíle nó ola eachtraí; allmhairiú agus onnmhairiú táirgí agus seachtháirgí bunúsacha; muiriompar amhola de thionscnamh na Brasaíle nó seachtháirgí bunúsacha ola a tháirgtear sa Bhrasaíl; agus an t-iompar píblíne, dáileadh mórdhíola amhola agus miondíol amhola, a seachtháirgí agus a gáis nádúrtha, is monaplachtaí Stáit iad a fhéadfaidh fiontair arna mbunú faoi dhlí na Brasaíle a oibriú lena gceanncheathrú agus lena riarachán sa Bhrasaíl, faoi lamháltas nó faoi údarú i gcomhréir le dlí na Brasaíle. Neamhcheangailte i ndáil le mianta agus mianraí.	Ceann ar bith. Neamhcheangailte i ndáil le mianta agus mianraí.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
PARAGUA I. GEALLTANAIS CHOTHROMÁNACHA GACH EARNÁIL NÓ FO-EARNÁIL NEAMHSHEIRBHÍSE A ÁIRÍTEAR AR AN LIOSTA SEO	Neamhcheangailte i ndáil le bearta a bhaineann le dreasachtaí i rialacháin agus/nó cláir le haghaidh táirgeoirí d'aon chineál táirge. Tá na ceanglais maidir le héadáil talún nó na ceanglais chónaithe is infheidhme maidir le hinfheisteoirí eachtracha neamhcheangailte i limistéir teorann atá 100 (céad) ciliméadar ó theorainneacha talún. Forchoimeádann Paragua an ceart chun bearta a ghlacadh i gcomhréir le disciplíní EDT atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le hinfheistíocht. Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart nó diúscairt a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun críche rialuithe staidrimh ar chlárú infheistíochta eachtraí agus chun críoch a n-aistrithe, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.	Forchoimeádann Paragua an ceart chun bearta a ghlacadh i gcomhréir le disciplíní EDT atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo maidir le hinfheistíocht. Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart nó diúscairt a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun críche rialuithe staidrimh ar chlárú infheistíochta eachtraí agus chun críoch a aistrithe, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste a fhorbairt nó éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú, mar aon leis na bearta sin is gá chun ionchuimsiú sóisialta agus forbairt tuaithe a áirithiú.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
	Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun arb é is aidhm dó forbairt theicneolaíoch, taighde eolaíoch agus forbairt caighdeán agus norm a chothú i bParagua, bídis idirdhealaitheach nó ná bídis. Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i leith caipiteal eachtrach a chlárú trí institiúid phoiblí.	Forchoimeádann Paragua an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le rialacháin chánach a bhféadfadh cóir dhifriúil i leith taighde eolaíoch, forbairt teicneolaíochta agus aistriú teicneolaíochta a bheith mar thoradh orthu.
II. LIOSTA NA nGEALLTANAS EARNÁILSONRACH		
A. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT AGUS FORAOISEACHT	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
01. Talmhaíocht, sealgaireacht		
02. Foraoiseacht, lománaíocht		

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
D. MONARAÍOCHT		
15. Monarú táirgí bia agus deochanna 16. Monarú táirgí tobac 17. Monarú teicstílí 18. Monarú corpbhirt; treiscíniú agus ruaimniú fionnaidh 19. Súdairacht agus treiscíniú leathair; monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaiteoireachta, úmacha agus coisbhirt 20. Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilseánaithe 21. Monarú páipéir agus táirgí páipéir	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
22. Monarú cóic, táirgí peitriiliam scagtha agus breosla núicléach	Ceann ar bith, ach amháin go bhféadfadh Paragua sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus saothrú fosuithe hidreacarbóin a dhéanamh go díreach, nó go bhféadfadh aon eintiteas a d'fhéadfaí a chruthú faoina rialú chun na críche sin, nó ceadúnaithe nó lamháltóirí iad a dhéanamh trí cheadanna nó lamháltais arna ndeonú ag Paragua do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, bíodh siad ina ndaoine intíre nó eachtracha, i gcomhréir le dlí Pharagua. Fosuithe hidreacarbóin i staid sholadach, leachtach agus gáis a tharlaíonn go nádúrtha i gcríoch Pharagua, seachas substaintí greanacha, créúla agus cailcreacha, tagann siad faoi réimse Pharagua.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
	Féadfaidh Paragua lamháltais a dheonú do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, gan beann ar iad a bheith poiblí nó príobháideach, nó d'fhiontair náisiúnta, fiontair eachtracha nó fiontair atá faoi chomhúinéireacht, le haghaidh sirtheoireacht, taiscéalaíocht, taighde nó saothrú fosuithe, ar feadh tréimhse theoranta. Rialófar le dlí Pharagua an córas eacnamaíoch lena dtugtar aghaidh ar leasanna an stáit, na gceadúnaithe nó na lamháltóirí agus na n-úinéirí a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.	

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
23. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
24. Monarú táirgí rubair agus plaisteacha		
25. Monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile		
26. Monarú táirmhiotal		
27. Monarú táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh		

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
29. Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile 30. Monarú innealra oifige, cuntasáiochta agus ríomhaireachta 31. Monarú innealra agus gléasra leictrigh nach n-aicmítear in áit ar bith eile 32. Monarú trealaimh agus gléasra raidió, teilifíse agus cumarsáide 33. Monarú ionstraimí leighis, beachtuirlisí agus uirlisí optúla, uaireadóirí agus clog	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
34. Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí 35. Monarú trealaimh eile iompair 36. Monarú troscáin; monaraíocht nach n-aicmítear in áit ar bith eile 37. Athchúrsáil	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
URAGUA I. GEALLTANAIS CHOTHROMÁNACHA GACH EARNÁIL A ÁIRÍTEAR SA LIOSTA SEO		Forchoimeádann Uragua an ceart chun aon bheart nó diúscairt a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun críche rialuithe staidrimh ar chlárú infheistíochta eachtraí agus chun críoch a n-aistrithe, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
II. LIOSTA NA nGEALLTANAS EARNÁILSONRACH		
A. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT AGUS FORAOISEACHT		
01. Talmhaíocht, sealgaireacht	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
02. Foraoiseacht, lománaíocht*	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
B. IASCAIREACHT		
05. Iascaireacht, oibriú gorlann éisc agus feirmeacha éisc	Gníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála agus sealgaireachta muirí a dhéantar in uiscí inmheánacha agus san fharraige theorann laistigh de limistéar 12 mhíle (dhá mhíle dhéag), arna dtomhas ó na bunlínte, forchoimeádtar iad go heisiach do shoithí atá ceadúnaithe go cuí agus a bhfuil bratach Uragua ar foluain acu.	

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
	Ní cheadófar do shoithí tráchtála a bhfuil bratach eachtrach ar foluain acu acmhainní beo a shaothrú ach amháin idir an limistéar 12 mhíle (dhá mhíle dhéag) dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus 200 míle muirí (dhá chéad) míle muirí, faoi réir údarú an bhainse Feidhmiúcháin, arna dheonú i gcomhréir le Dlí Uimh. 13833, agus mar atá taifeadta sa chlár a choinníonn Dirección Nacional de Recursos Acuáticos. Tá próiseáil agus margú éisc údaráithe ag an mbrainse Feidhmiúcháin agus d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir ceanglas go ndéanfaí na héisc a phróiseáil go hiomlán nó go páirteach in Uragua.	

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
C. MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALACHT	Is é an tÚdarás Mianadóireachta a thugann ceadúnais nó teidil mhianadóireachta, ag brath ar an Rialtas Náisiúnta. Rialaíonn an tÚdarás Mianadóireachta na ceanglais maidir le saothrú aonair freisin. Is mar seo a leanas a dhéanfar sirtheoireacht agus taiscéalaíocht fosuithe mianraí agus mianadóireacht, agus mar seo amháin: (a) ag an stát nó ag eintitis an stáit; nó (b) faoi theideal mianadóireachta. Rialaítear tairbhiú na gceart mianadóireachta a shanntar leis an teideal sin le rialacháin shonracha agus le forálacha an chonartha shonraigh le haghaidh an cheadúnais nó an teidil mianadóireachta sin. Sealbhóir lamháltais chun dul ag sirtheoireacht agus ag taiscéalaíocht atá in ann mianta miotail a onnmhairiú, soláthróidh sé 15 % de luach gach oibríochta onnmhairiúcháin don mhargadh intíre ar phraghas ‘saor ar bord’.	

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
10. Mianadóireacht guail agus ligníte; baint móna. 12. Mianadóireacht mianta úráiniam agus tóiriam 13. Mianadóireacht mianta miotail 14. Mianadóireacht agus cairéalacht eile	Ceann ar bith, ach amháin mar a léirítear thuas.	Ceann ar bith, ach amháin mar a léirítear thuas.
D. MONARAÍOCHT		
15. Monarú táirgí bia agus deochanna 16. Monarú táirgí tobac	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
17. Monarú teicstílí	Ceann ar bith.	
18. Monarú corpbhirt; treiscíniú agus ruaimniú fionnaidh	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
19. Súdairacht agus treiscíniú leathair; monarú bagáiste, málaí láimhe, úmacha agus coisbhirt	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
20. Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú earraí tuí agus ábhar trilseánaithe		
21. Monarú páipéir agus ¹ táirgí páipéir		
22. Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta	Ceann ar bith.	Ceann ar bith, seachas gur náisiúnach Uruguach a bheidh sa duine atá freagrach, sa stiúrthóir nó sa bhainisteoir nuachtáin, irisleabhair nó tréimhseacháin.

¹ Áirítear na gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara i liosta na ngealltanais sonracha le haghaidh seirbhísí, lena n-áirítear dáileadh agus iompar.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
24. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha 25. Monarú táirgí rubair agus plaisteacha. 26. Monarú táirgí mianracha neamh-mhiotalacha eile. 27. Monarú táirmhiotal 28. Monarú táirgí déanta as miotal, seachas innealra agus trealamh	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
29. Monarú innealra agus trealaimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile: 291. Monarú innealra ilchuspóirigh eile 293. Monarú fearas tí nach n-aicmítear in áit ar bith eile	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
30. Monarú innealra oifige, cuntasáíochta agus ríomhaireachta	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
31. Monarú innealra agus gléasra leictirigh nach n-aicmítear in áit ar bith eile		
32. Monarú trealaimh agus gléasra raidió, teilifíse agus cumarsáide		
33. Monarú ionstraimí leighis, beachtuirisí agus uirlisí optúla, uaireadóirí agus clog		
34. Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
35. Monarú trealaimh eile iompair	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.
36. Monarú troscáin; monaraíocht nach n-aicmítear in áit ar bith eile		
37. Athchúrsáil		

I. LIOSTA NA nGEALLTANAS SONRACH LE hAGHAIDH NEAMHSHEIRBHÍSÍ		
EARNÁLACHA AGUS FO-EARNÁLACHA	TEORAINNEACHA MAIDIR LE ROCHTAIN AR AN MARGADH	TEORAINNEACHA MAIDIR LE CÓIR NÁISIÚNTA
E. TÁIRGEADH LEICTREACHAIS, GAÍS, GAILE AGUS UISCE THE (gan seirbhísí gaolmhara a chur san áireamh)		
4010. Táirgeadh leictreachais	Coinníollacha a bheidh le rialú ag conarthaí aonair lamháltais.	Coinníollacha a bheidh le rialú ag conarthaí aonair lamháltais.
4020. Monarú gáis seachas gáis pheitríliam agus a ndíorthaigh	Coinníollacha a bheidh le rialú ag conarthaí aonair lamháltais.	Ceann ar bith.
4030. Táirgeadh gaile agus uisce the	Ceann ar bith.	Ceann ar bith.

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

II. GEALLTANAIS SHONRACHA LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ			
Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
1. SEIRBHÍSÍ GNÓ			
AN AIRGINTÍN 1.A. Seirbhísí gairmiúla	1), 3), 4) Ní mór do dhaoine nádúrtha atá ag iarraidh seirbhísí gairmiúla a sholáthar aitheantas a fháil dá gcéim ghairmiúil trí cheadúnas ón gcomhlachas gairmiúil ábhartha; agus sainchónaí dlíthiúil nó sainchónaí speisialta a bhunú san Airgintín. Sainchónaí dlíthiúil agus speisialta: ní bhaineann ceanglas cónaithe leis.		

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

II. GEALLTANAIS SHONRACHA LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ			
Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
(a) Seirbhísí dlí (ALT 861)	1) Ceann ar bith. 2) Ceann ar bith. 3) Ceann ar bith. 4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear faoin roinn maidir le gealltanais chothrománacha.	1) Ceann ar bith. 2) Ceann ar bith. 3) Ceann ar bith. 4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear faoin roinn maidir le gealltanais chothrománacha.	
(b) Seirbhísí cuntaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta (ALT 862)	1) Ceann ar bith. 2) Ceann ar bith. 3) Ceann ar bith. 4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear faoin roinn maidir le gealltanais chothrománacha.	1) Ceann ar bith. 2) Ceann ar bith. 3) Ceann ar bith. 4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear faoin roinn maidir le gealltanais chothrománacha.	
d) Seirbhísí talmhaíochta (ALT 8671)	1) Ceann ar bith. 2) Ceann ar bith. 3) Ceann ar bith. 4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear faoin roinn maidir le gealltanais chothrománacha.	1) Ceann ar bith. 2) Ceann ar bith. 3) Ceann ar bith. 4) Neamhcheangailte, ach amháin mar a léirítear faoin roinn maidir le gealltanais chothrománacha.	

Modhanna soláthair: 1) Soláthar trasteorann 2) Tomhaltas ar an gcoigríoch 3) Láithreacht tráchtála 4) Láithreacht daoine nádúrtha

II. GEALLTANAIS SHONRACHA LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ			
Earnáil nó fo-earnáil	Teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh	Teorainneacha maidir le cóir náisiúnta	Gealltanais bhreise
